

Targaireacht Ionais

Bhí Ionas ag targaireacht i réim Ieroboaim a dó, mar a chítear as 4 Ríthe 14:25. Agus do thargair sé dho go dtiocfadh leis teóranna uile Israél do chur 'na gceart arís. De Ghet Opher i dtreibh Sabuloin ab ea é, agus ó Ghalilee, dá bhí sin. Agus bréagnaíonn san cainnt na bhFarisíneach, Eóin 7:52, dhá rá nár éirigh fáidh riamh a Galilee. Do thargair sé bás agus aiséirí Chríost, agus figiúir ab ea é 'na phearsain féin ar an dá ní sin. B'é an t-éinne amháin de sna fáidhibh é do cuireadh ag seanmóin do sna geintibh.

Caib. a hAon

Ionas dá chur go Ninive chun seanmóna ' dhéanamh, agus a theitheadh ar farraige ón obair sin. An stoirm ag éirí. Gheibhtear amach le crannchur gurb é fé ndéar an stoirm, agus caitear amach fén bpoll é, agus stadann an stoirm.

1 Tháinig briathar an Tiarna chun Ionais, mac Amatí, dhá rá: 2 Éirigh agus imigh go dtí Ninive¹, an chathair mhór, agus dein seanmóin sa chathair sin: óir tá a mallaitheacht tagaithe aníos os mo chómhair. 3 Agus d'éirigh Ionas chun teitheadh go Tarsis² ó aghaidh an Tiarna agus chuaigh sé síos go Ioppé, agus fuair sé ann long a bhí ag dul go Tarsis agus dhíol sé fiacha an phasáiste agus chuaigh sé isteach sa loíng chun dul leo go Tarsis ó aghaidh an Tiarna. 4 Ach do chuir an Tiarna gaoth mhór ar an bhfarraige, agus d'éirigh anaithe mór sa bhfarraige agus bhí an long i riocht a báite. 5 Agus tháinig eagla ar na máirnéalaigh agus bhíodar ag glaoch ar a ndia, agus bhíodar ag caitheamh na n-earraí a bhí ar an loíng amach fén bpoll chun na loinge d'éadromú; agus d'imigh Ionas síos i mbolg na loinge agus thit a chodladh air go sámh³. 6 Agus tháinig captaein na loinge chuige agus duairt sé leis: Cad chuige dhuitse bheith id shámhchodladh? Éirigh agus glaeigh ar do Dhia, féachaint an gcuímhneóidh Dia orainn agus ná báifí sinn.

7 Agus dúradar, cách díobh lena chéile, téanaidh agus cuirimis fé chrannaibh an scéal, go mbeidh ' fhios againn cad 'na thaobh go bhfuil an drochní seo orainn. Agus chuireadar fé chrannaibh an scéal agus do thit an crann ar Ionas. 8 Agus dúradar leis: Inis dúinn cad é an chúis go bhfuil an drochní seo orainn, agus cad é do ghnósa? Cad as duit? Agus ca bhfuilir ag dul? Nú cad é an treabhchas daoine gur díobh thu? 9 Agus duairt sé leo: Éabhrach is ea me, agus tá eagla orm roim Thiarna Dia neimhe do dhein idir mhuir agus tír.

10 Agus bhí eagla mór ar na fearaibh agus dúradar leis: Cad chuige dhuit san do dhéanamh? (óir bhí ' fhios ag na fearaibh gur ag teitheadh ó aghaidh an Tiarna a bhí sé mar bhí sé tar éis a dh'insint dóibh). 11 Agus dúradar leis: Cad 'tá le déanamh againn leat i dtreo go mbeidh suaimhneas ar an bhfarraige dhúinn? Óir bhí an fharraige ag gluaiseacht 'na tulcaibh. 12 Agus duairt sé leo: Tógaidh mise agus caitheadh amach me sa bhfarraige agus tiocfaidh suaimhneas ar an bhfarraige dhíbh: óir is eól dom gur mar gheall ormsa atá an t-anaithe mór so tagaithe oraibh. 13 Agus bhí na fir ag iomramh go dian chun teacht thar n-ais i dtír, ach níor fhéadadar é mar bhí an fharraige ag gluaiseacht agus ag éirí 'na gcoinnibh. 14 Agus bhíodar ag glaoch ar an dTiarna agus deiridís: Aicimid ort, a Thiarna, agus ná báitear sinn mar gheall ar anam an fhir seo agus ná hagair orainn fuil neamhchiontach; óir do dheinis-se, a Thiarna, de réir do thoile. 15 Agus thógadar Ionas agus chaitheadar amach sa bhfarraige é, agus do stad an fharraige dá hanaithe. 16 Agus bhí eagla an Tiarna go hana-mhór ar na fearaibh sin, agus d'ibreadar *victimí* chun an Tiarna, agus dheineadar móideanna.

1 Caib. 1. véar. 2. "Ninive", i. príomhchathair ímpireachta Assúria.

2 Véar. 3. "Tarsis". Dar le droíng b'é Tarsis Chilikia an Tarsis sin, dar le tuilleadh b'é Tartessus na Spáinne é, dar le tuilleadh b'é Cartágó é.

3 Véar. 5. "A chodladh go sámh". Sin samhaltas soiléir ar neamhshuím an pheacaigh agus é ag imeacht ó Dhia, agus breitheanna Dé 'na thimpall, ar an uile thaobh, agus é 'na shámhchodladh, chómh maith agus dá mbeadh sé ó bhaol.

Caib. a Dó

Iona dá shlogadh ag iasc mór éigin: é ag guí go muinéach chun Dé: an t-iasc mór dhá chaitheamh amach ar tír.

1 Agus bhí iasc mór ollamh ag an dTiarna chun go sloigfeadh sé Ionas, agus bhí Ionas i mbolg an éisc sin ar feadh trí lá agus trí oíche. 2 Agus bhí Ionas ag guí chun a Thiarna Dia amach a bolg an éisc, 3 agus duairt sé:

Do ghlaos im ghuais ar an dTiarna agus d'éist sé liom:
do ghlaos a bolg ifrinn, agus d'éistis lem ghlór.

4 Agus do chaithis amach me sa doimhneas, i gcroí na farraige, agus do thimpall tuile me.
Do ghluais do thonnthaca agus do thulcaí go léir os mo chionn.

5 Agus duart: Táim caite amach a radharc mo shúl,
ach fós chífed do theampall naofasa arís.

6 Do thimpalladar na huisceacha me go hanam féin.
Do dhún an doimhneas isteach me. Do chlúdaigh an fharraige mo cheann.

7 Do chuas síos go bunaibh íochtaracha na gcnoc.
Do dhúnadar sabhanna na talún me go deó.

Agus tógfairse m'anam ó thruaillitheacht, a mo Thiarna Dia.

8 Nuair a bhí m'anam dá fháscadh istigh ionam do chuímhníos ar an dTiarna.

Ionas go raghadh mo ghuí ag triall ort, chun do theampaill naofa.

9 An mhúintir a bhíonn ag cosnamh na baoise in aistear fágaid siad a dtrócaire féinig.

10 Ach déanfadsa íbirt chútsa le guth molta,
agus pé ní a mhóidíos cómhliónfad é don Tiarna ar son slánaithe.

11 Agus do labhair an Tiarna leis an iasc⁴ agus d'aisic an t-iasc Ionas amach ar an dtalamh tirim.

Caib. a Trí

Curtar Ionas go Ninive ag seanmóin. Deinde muíntir Ninive troscadh agus aithrí, agus coisceann Dia an bhreith íde a bhí tabhartha aige orthu.

1 Agus tháinig briathar an Tiarna go dtí Ionas agus duairt sé: 2 Éirigh go dtí Ninive an chathair mhór agus dein seanmóin inti, an tseanmóin adeirim leat a dhéanamh. 3 Agus d'éirigh Ionas agus chuaigh sé go Ninive, de réir bhriathair an Tiarna. Agus cathair mhór ab ea Ninive, cathair go raibh siúl trí lá⁵ inti. 4 Agus do thosnaigh Ionas ar dhul isteach sa chathair siúl aon lae amháin, agus é ag labhairt go hár: Daichead lá eile agus ídeófar Ninive. 5 Agus do chreid fir Ninive i nDia: agus d'fhógradar troscadh, agus chuireadar éadach ruainnigh úmpu ón té ba mhó go dtí an té ba lú. 6 Agus tháinig an focal chun rí Ninive: agus d'éirigh sé as a chathaoir ríoga agus chaith sé dhe a éide agus do chuir sé éadach ruainnigh uime agus shuigh sé sa luaithrigh, 7 agus chuir sé fógra amach i Ninive, ó bhéal an rí agus na bpríunsaí, dhá rá: Ná blaiseadh daoine ná beithígh, ba ná caoire, aon ní: ná hithidís bia, agus ná hólaidís uisce, 8 agus clúdaítear daoine agus beithígh le héadach ruainnigh, agus bídis ag glaoch ar an dTiarna lena neart go léir, agus iompaíodh an uile dhuine óna dhrochshlitibh, agus ón mallaitheacht atá 'na lámhaibh. 9 Ca bhfios ná go n-iompóidh Dia agus go maithfidh sé dhúinn: agus go gcasfidh sé ón' fheirg mhór, agus ná hídeófar sinn?

4 Caib. 2. véar. 11. "Do labhair an Tiarna leis an iasc". Ní raibh sa "labhairt" sin ach toil an Tiarna, an Toil go mbíonn gach ní úmhal di.

5 Caib. 3. véar. 3. "Siúl trí lá". De réir mar a mheasaid roinnt lucht seanchais bhí cathair Ninive caogad míle sa tímpall, i dtreo go raibh siúl trí lá i ngabháil trí sna sráidibh móra agus trí sna háiteannaibh poiblí go léir.

10 Agus do chonaic Dia a n-oibreacha, agus go rabhadar iompaithe óna ndrochshlí. Agus do dhein Dia trócaire i dtaobh an uilc aduairt sé do dhéanfadh sé orthu agus níor dhein sé é.

Caib. a Ceathair

Gruaim ar Ionas toisc nár cómhlíonadh a thargaireacht, agus an ghruaim dá casadh leis i solaoid an eidhneáin.

1 Agus bhí gruaim ana-mhór⁶ ar Ionas, agus bhí fearg air, 2 agus chuir sé a ghuí suas chun Dé agus duairt sé: Aicim ort, a Thiarna, nách é sin aduart, nuair a bhíos fós im dhúthaigh féin? Mar gheall air sin is ea do bheartaíos ar dtúis teitheadh go dtí Tarsis: óir is eól dom gur Dia ceannsa trócaireach tu, agus tu foighneach, agus fíoratuach, agus tugtha chun an uilc a mhaitheamh. 3 Agus anois, a Thiarna, aicim ort agus tóg m'anam uaim, óir is fearra dhom bás d'fháil ná bheith beó.

4 Agus duairt an Tiarna leis: An amhlaidh is dó' leat go bhfuil cúis chun feirge agat?

5 Ansan d'imigh Ionas amach as an gcathair agus do shuigh sé ar aghaidh na cathrach soir, agus dhein sé cábán do féin ann agus do shuigh sé féna scáth féachaint cad d'imeódh ar an gcathair. 6 Agus d'ollmhaigh Dia tor eidhneáin agus d'fhás an tor eidhneáin suas os cionn chinn Ionais, chun bheith 'na scáth os cionn a chinn, agus chun é ' chlúdach, mar bhí tuirse air: agus bhí áthas ana-mhór ar Ionas mar gheall ar an dtor eidhneáin.

7 Ach d'ollmhaigh Dia péistín nuair a bhí an mhaidean a bhí chúinn ag éiri agus do ghoin an phéistín an tor, agus d'fheóch an tor eidhneáin, 8 agus d'órdaigh an Tiarna gaoth bhrothallach the do theacht, agus bhí an ghrian ag loscadh anuas ar cheann Ionais, agus bhí an teas dhá thraochadh, agus ba rómhian leis go dtógfí a anam uaidh agus go bhfaigheadh sé bás, agus duairt sé: Is fearra dhom bás d'fháil ná bheith beó.

9 Agus duairt an Tiarna le Ionas: An amhlaidh is dó' leat go bhfuil cúis chun feirge agat mar gheall ar an eidhneán? Agus duairt seisean: Tá fearg orm agus a chúis agam, go bás féin. 10 Agus duairt an Tiarna: Tá buairt ortsa mar gheall ar an dtor eidhneáin úd, bíodh ná fuarais a dhua agus nách tu do chuir ag fás é. Tháinig sé suas in aon oíche amháin agus d'fheóch sé in aon oíche amháin. 1 Agus an amhlaidh ná spárálfadsa Ninive, an chathair mhór san 'na bhfuil breis agus céad is fiche de mhíltibh daoine ná haithníonn a lámh dheas óna láimh chlé, agus mórán beithíoch?

6 Caib. 4. véar. 1. "*Gruaim ana-mhór*". Is amhlaidh a bhí eagla air go measfí gurbh fháidh bréagach é: nú go mb'fhéidir go gcuirfeadh an gnó san Ninive ' fhéachaint ar dhaoineibh gan briathar Dé do chreidiúint agus gan aon tsuím a chur ann.